Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Márta 2024
(OR. en)

7492/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0064(NLE)**

TRANS 140
RELEX 298

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le hIompar Lasta de Bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive, a mhéid a bhaineann le leanúint leis an gComhaontú |

**CINNEADH (AE) 2024/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le hIompar Lasta de Bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive, a mhéid a bhaineann le leanúint leis an gComhaontú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Shínigh an tAontas an Comhaontú maidir le hIompar Lasta de Bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive[1] ('an Comhaontú') agus tá feidhm shealadach aige ón 29 Meitheamh 2022 i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2022/1165 ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 21 Lúnasa 2023.

(2) Le hAirteagal 6(1) den Chomhaontú, bunaítear Comhchoiste chun maoirsiú agus faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus cur chun feidhme an Chomhaontaithe agus chun athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a fheidhmiú i bhfianaise a chuid cuspóirí.

(3) Trí bhíthin Chinneadh 2/2022 ón gComhchoiste[3], cuireadh síneadh le fad an Chomhaontaithe go dtí an 30 Meitheamh 2024. De bhun Airteagal 5(2) den Chomhaontú, tá na páirtithe sa Chomhaontú le dul i gcomhairle le chéile chun measúnú a dhéanamh ar an ngá lena athnuachan 3 mhí ar a dhéanaí roimh dhul in éag an Chomhaontaithe.

(4) Chun go leanfaidh an tAontas agus Poblacht na Moldóive araon de thairbhiú den Chomhaontú, ba cheart é a athnuachan go dtí an 31 Nollaig 2025.

(5) Le linn an chéad chruinnithe eile a bheidh aige, tá an Comhchoiste le cinneadh a ghlacadh maidir leis an ngá le leanúint leis an gComhaontú.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a mhéid a bhaineann le leanúint leis an gComhaontú a leagan síos, ós rud é go mbeidh an cinneadh ón gComhchoiste ina cheangal ar an Aontas.

---

[1] IO L 181, 7.7.2022, lch. 4.

[2] Cinneadh (AE) 2022/1165 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2022 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive (IO L 181, 7.7.2022, lch. 1).

[3] IO L 79, 17.3.2023, lch. 185.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais sa Chomhchoiste a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive ('an Comhaontú'), a mhéid a bhaineann le leanúint leis an gComhaontú, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais laistigh den Chomhchoiste mionathruithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste a aontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*